

An Rí, an Víreas agus an Choróin chailte

(Irlandese)

Uair amháin bhí rí ann gan choróin.

Bhí brón ar an Rí gan a choróin ní thugadh éinn aitheantas dó is ní bhíodh meas air.

Bhí coróin an Rí goidte tamall roimhe seo ag fear beag greannmhar, aisteach darb ainm Víreas, ach ó ghoid sé coróin an Rí thugadh cách Víreas Corónach air agus théadh sé timpeall lena choróin i gcónaí lena cheann bán agus dearg agus sheinneadh sé léimeadh sé, théadh sé tríd na siopaí go léir, fiú sna tithe, ag baint do gach rud agus gach duine.

Le gach teagmháil d'fhágadh sé marc lena mhéara, rian beag dearg, cosúil le púdar tanaí a d'fhanadh greamaithe de rudaí, tithe, daoine, a d'iompaíodh dearg iad agus a d'fhágadh breoite iad de réir a chéile. Ach bhí sé sásta leis an méid a bhí á dhéanamh aige agus go deimhin is ea is mó a bhaineadh sé taitneamh as an sráidbhaile iomlán a fheiceáil ag éirí dearg i gceann cúpla lá.

Os a choinne sin, ní bhaineadh an Rí aon taitneamh as.

Gach lá deireadh a rúnaithe agus a chomhairleoirí leis go raibh an gadaí beag ollphéiste sin ag athrú a Ríochta ní hamháin i ndath ach i ngiúmar freisin: bhí brón agus breoiteacht orthu uile agus ó bhí an choróin aige ar a cheann, bhí fuath níos mó acu don Rí amhail is dá mba eisean a thug an choróin dó.

Ansin lá amháin shocraigh an Rí, fearg is buairt airh faoina raibh ar siúl, go raibh an t-am tagtha chun an Choróin a thógáil ar ais agus an fear beag sin a bhí ag milleadh shaol an tSráidbhaile a bhac.

Thosaigh sé ag smaoineamh agus ag machnamh agus ghlaigh sé ar a rúnaithe agus a chomhairleoirí chun na smaointe a bhí acu a chloisteáil agus ansan rinne sé cinneadh. I rith an lae phléigh an Rí agus a mhuintir an gníomh a d'fhéadfaidís a eagrú chun an Víreas a bhac agus an Choróin a ghlacadh arís ach ní raibh smaoineamh maith ag éinne agus chuaigh an Rí a chodladh an tráthnóna sin an-díomách, buartha.

Ach san oíche, agus é ina chodladh is ag taibhreamh, tháinig smaoineamh maith chuige: chuirfeadh sé é féin faoi bhréagriocht mar oibrí bóthair, cosúil leo siúd a shocraíonn poill, agus buicéad lán de ghliú dubh, láidir aige, a ghreamódh éinne a sheasfadh air láithreach. Mar sin shíl sé go rachadh sé timpeall an tSráidbhaile an lá dar gcionn ar an mbealach seo faoi cheilt agus faoi threalamh, chun Víreas a lorg, chun dul chuige, chun glaoch air chun faisnéis a iarraidh air, ach gliú éigin a dhoirteadh ar an mbóthar os a chomhair d'fhonn é a ghreamú ar an bpointe agus ansan a bheith in ann an choróin a thógáil ar ais óna chloigeann go tobann.

Agus é sásta leis an smaoineamh sin, ghlaigh sé láithreach ar a rúnaí pearsanta go luath ar maidin, d'iarr air rabhlaeir oibrí iomlán bóthair, bróga, hata oibre, lámhainní, buicéad agus gliú speisialta dubh a theastaigh uaidh a thabhairt leis.

Chomh luath agus a tháinig na héadaí agus an buicéad, d'athraigh an Rí go hiomlán. Bhí sé sásta ach an-neirbhíseach agus diongbháilte freisin, d'fhág sé a Chaisleán, agus gan éinne a aithint shiúil leis i dtreo lár an tsráidbhaile ar thóir an víris mhallaithe.

Chomh luath agus a fuair sé spléachadh air ó chian i gceann de na taobh-shráideanna, d'ullmhaigh sé é féin don urchar, tháinig sé suas leis agus d'fhiafraigh sé de: "*A Uasail Víreas, an féidir leat teacht níos gaire le do thoil nó tá gar le hiarraidh agam ort?*"

Ag smaoineamh don víreas go raibh deis nua aige teagmháil a dhéanamh le sráidbhaile eile, bhí sé go sona sásta leis an gcuma a bhí ar an ngnáth-oibrí, ach a luaithe a bhí sé gar dó, doirteadh go leor gliú in aice leis, mhothaigh sé na cosa greamaithe ar an talamh, díreach greamaithe. Agus cé gur thosaigh sé ag screadaíl lena airm agus ag iarraidh a bhróga a bhaint de, thóg an Rí Oibrí an choróin óna chloigeann go tobann agus as go brách leis !

Sheas an víreas ansan agus a cheann nochtaithe, ag screadaíl is ag iarraidh é féin a shaoradh agus tháinig a lán áitritheoirí ar an tsráid chun a fheiceáil cad a bhí ag tarlú. Fuairéadar víreas gan choróin agus greamaithe den talamh, thosaigh siad ag béicíl le háthas agus sa deireadh chuaigh duine chun téad a fháil le go mbeadh sé in ann é a cheangal, is a thabhairt go príosún chun deireadh a chur lena ghníomhartha diúltacha damanta a dhein an sráidbhaile iomlán breoite, dearg.

D'fhill an Rí ar an gcaisleán, d'athraigh sé arís chun é a ghléasadh mar Rí, chuir sé a choróin ar ais ar a cheann agus d'eagraigh sé mórshiúl chun a thaispeáint do gach duine go raibh sé ar ais mar Rí, chomh maith agus a bhí roimhe, go bhfillfeadh síochán ar an Sráidbhaile agus, a luaithe a leigheasfaí na daoine breoite, go mbeadh an saol gan an Víreas mallaithe níos áille agus níos cothroime do chách.

(Seàn O Riain)